C/2025/3119

28.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11996 – EMIF II HOLDING / AC / AC LOGISTICS HOLDINGS CORPORATION)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3119)

1. An 19 Bealtaine 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EMIF II Holding III B.V. ('EMIF II Holding', an Ísiltír) atá faoi rialú A.P. Møller Capital P/S ('APMC', an Danmhairg),

— Ayala Corporation ('AC', na hOileáin Fhilipíneacha),

— AC Logistics Holdings Corporation ('AC Logistics', na hOileáin Fhilipíneacha).

Gheobhaidh APMC, trí EMIF II Holdings, agus AC rialú comhpháirteach ar AC Logistics de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir cistí bonneagair é APMC atá dírithe ar iompar, lóistíocht agus aistriú fuinnimh.

— Tá leasanna ag AC i gcuideachtaí atá ag gabháil d'eastát réadach, seirbhísí airgeadais, teileachumarsáid, cumhacht, cúram sláinte, lóistíocht, teicneolaíochtaí tionsclaíocha, bonneagar, oideachas agus fiontair teicneolaíochta.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais AC: seoladh lasta, trádstóráil agus fuarstóráil sna hOileáin Fhilipíneacha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11996 – EMIF II HOLDING / AC / AC LOGISTICS HOLDINGS CORPORATION

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË